| Preasráiteas | Tuilleadh eolais: | |
|---|---|---|
| Press Release | gaeilgeiorrais@gmail.com | |
| 13.03.2025 | **097-29023** | |

## Comórtas Díospóireachta Uí Chonaire 2025:

## Dúshlán do dhaltaí iarbhunscoile na Gaeltachta i Maigh Eo

Tá ríméad ar Ghaeilge Iorrais tacú le Coláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead) comórtas díospóireachta a reáchtáil arís i mbliana. Is é sin 'Comórtas Díospóireachta Uí Chonaire' - díospóireacht lán-Ghaeilge do scoláirí iarbhunscoile agus i gcuimhne ar iarphríomhoide na scoile sin, Pádraic Ó Conaire.

Tionólfar an ócáid speisialta seo Dé Máirt 25 Márta 2025 in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead, nuair a thiocfaidh scoláirí as Coláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead), Gaelcholáiste Chomáin (Ros Dumhach), Coláiste Muire (Tuar Mhic Éadaigh) agus Coláiste Pobail Acla le chéile chun plé a dhéanamh ar rúin a bhaineann leis an nGaeilge i nGaeltachtaí Mhaigh Eo. Tá Gaeilge Iorrais ag obair i gcomhar le hiarbhunscoileanna an cheantair seo ar an tionscnamh tábhachtach seo a thabharfas deiseanna plé, machnaimh agus cainte d'aos óg na Gaeltachta seo.

Beidh dhá chomórtas i gceist ar an lá. Beidh daltaí sa tsraith shóisearach in iomaíocht do Bhuanchorn Ghaeilge Iorrais agus beidh daltaí sa tsraith shinsearach in iomaíocht do Bhuanchorn Uí Chonaire. Beidh díospóireacht amháin ag an dá dhream sin ar an lá. Ní bheidh ach babhta amháin i gceist. Triúr cainteoirí a bheidh ar chuile fhoireann agus beidh trí nóiméad cainte an duine acu sa chomórtas sóisearach. Ceithre nóiméad cainte an duine a bheidh ceadaithe sa chomórtas sinsearach. Beidh triúr moltóirí i bhfeighil ar an lá. Roinnfear an scéim mharcála ar chuile scoil roimh ré. Bronnfaidh Gaeilge Iorrais plaic rannpháirtíochta ar chuile scoláire a ghlacann páirt sa díospóireacht.



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Is é an rún don chomórtas sóisearach '**Tá athbheochan na Gaeilge le feiceáil i measc óige na linne seo**.' Beidh Coláiste Bhreandáin Naofa agus Coláiste Pobail Acla ar son an rúin seo. Beidh Coláiste Muire (Tuar Mhic Éadaigh) agus Gaelcholáiste Chomáin (Ros Dumhach) in aghaidh an rúin.

Is é an rún don chomórtas sinsearach '**Tá todhchaí bhreá i ndán d'óige na Gaeltachta i Maigh Eo**.' Beidh Coláiste Muire (Tuar Mhic Éadaigh) ar son an rúin seo. Beidh Coláiste Bhreandáin Naofa agus Coláiste Pobail Acla in aghaidh an rúin.

Mhínigh Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, an tábhacht agus an tairbhe a bhaineann leis an ócáid seo go háitiúil agus i gcomhthéacs níos leithne;

> Tugann ócáid den chineál seo deis iontach do scoláirí le Gaeilge as iarbhunscoileanna i nGaeltachtaí Iorrais agus Maigh Eo teacht le chéile chun plé a dhéanamh ar cheist na Gaeilge mar a bhaineann sí leofa. Cuireann ócáid mar seo leis an obair mhór atá ar siúl sna scoileanna faoin bpróiseas aitheantais mar scoil Ghaeltachta agus láidríonn sí an ceangal teanga agus cultúrtha idir na daltaí agus a gcuid scoileanna. Tá muid ag súil go mór le ceiliúradh a dhéanamh ar an oideachas, ar an nGaeilge, ar an óige agus ar ár gceantar Gaeltachta féin.

**Amchlár samplach don ócáid seo**

10rn: Fáilte

10.10 – 11: Díospóireacht don Chomórtas Sóisir

11 – 11.20: Sos tae

11.20 – 12.10: Díospóireacht don Chomórtas Sinsir

12.10 – 12.25: Críoch & bronnadh

12.30: Slán abhaile



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.